2024/2087

2.8.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2087 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31 Iúil 2024**

**lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i dTreoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Treoir sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Treoir (AE) 2024/1346 an 14 Bealtaine 2024 agus tháinig sí i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2024. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 10, 12, 13, 17 go 29 agus 31 go 34 den Treoir sin a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 12 Meitheamh 2026.

(2) I litir dar dáta an 27 Meitheamh 2024, thug Éire fógra gur mian léi glacadh le Treoir (AE) 2024/1346 agus a bheith faoi cheangal aici.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart rannpháirtíocht na hÉireann i dTreoir (AE) 2024/1346 a dheimhniú.

(4) Níl aon choinníoll sonrach i gceist le rannpháirtíocht na hÉireann i dTreoir (AE) 2024/1346 agus níl gá le bearta idirthréimhseacha.

(5) Chun é a chur ar a cumas d'Éirinn tús a chur leis an bpróiseas chun Treoir (AE) 2024/1346 a thrasuí ina dlí náisiúnta a luaithe is féidir, d'fhonn a cur i bhfeidhm a áirithiú laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 35(1) den Treoir sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá rannpháirtíocht na hÉireann i dTreoir (AE) 2024/1346 deimhnithe.

([1]) IO L, 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN